CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 435 an 6 Nollaig 2021)

Ar leathanaigh 150 go 152, Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na líne a bhaineann le GAEC 8:

		"GAEC 8	— An sciar íosta den limistéar talmhaíochta atá dírithe ar réimsí nó gnéithe neamhtháirgiúla[1] — Sciar íosta de 4 % ar a laghad de thalamh arúil ar leibhéal na feirme atá dírithe ar réimsí agus gnéithe neamhtháirgiúla, lena n-áirítear talamh atá gan chur. — I gcás ina ngeallfaidh feirmeoir 7 % ar a laghad dá thalamh arúil a dhíriú ar limistéir nó gnéithe neamh-tháirgiúla, lena n-áirítear talamh atá gan chur, faoi éiciscéim fheabhsaithe i gcomhréir le hAirteagal 31(6), beidh an sciar a shannfar do chomhlíonadh an chaighdeáin GAEC sin teoranta do 3 %. — Sciar íosta de 7 % ar a laghad de thalamh arúil ar leibhéal na feirme má áirítear leis sin barra breise nó barra fosaithe nítrigine, arna saothrú gan úsáid a bhaint as táirgí cosanta plandaí, ar talamh atá gan chur nó le gnéithe neamhtháirgiúla é 3 % de. Ba cheart do na Ballstáit fachtóir ualaithe 0,3 a úsáid maidir le haghaidh barra breise. — Gnéithe den tírdhreach a choinneáil — Cosc ar fhálta agus crainn a ghearradh le linn shéasúr goir agus tógála na n-éan — Mar rogha, bearta chun speicis ionracha phlandaí a chosc	Gnéithe neamhtháirgiúla a chothabháil agus limistéar ina ndéanfar an bhitheágsúlacht ar an bhfeirm a fheabhsú"